# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin

Iúil 2019

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# An Clár Ábhar


An Réamhrá 5

- Na príomhsmaointe agus réimsí le forbairt 9
  - Cuspóir 9
  - Fís d’fhoghlaimeoirí na sraithe sinsearaí 11
    - Eolas, scileanna agus cáilíochtaí 11
    - Teagasc agus foghlaim 12
  - Conairí agus cláir 14
  - Comhpháirteanna den churaclam 15
  - Measúnú 17
  - Tuairisciú 19
  - Tosaíochtaí agus tacaíochtaí 20
  - Na chéad chéimeanna eile 21
- Liosta Giorrúchán 25

# An Réamhrá

Chuir CNCM tús le hathbhreithniú ar oideachas na sraithe sóisearaí i ndeireadh 2016. Tugadh faoi chleachtadh scóipe thar naoi ndlínse idirnáisiúnta in 2017, agus ansin faoi athbhreithniú scoile agus sraith seimineár náisiúnta in 2018/2019. D'oibrigh múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí in 41 scoil le CNCM chun príomhláidreachtaí na sraithe sinsearaí a shainaithint mar aon le réimsí a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh.

Féachtar sa cháipéis seo le leanúint leis an gcomhrá sin agus cur leis, rud a chruthóidh bunús don chomhairliúchán poiblí. Tosaítear le roinnt machnaimh ar na príomhsmaointe atá ag teacht chun cinn ón athbhreithniú agus ansin tugtar breac-chuntas ar réimsí atá le forbairt amach anseo. Beidh deiseanna ag rannpháirtithe an chomhairliúcháin seo trácht a dhéanamh ar an raon réimsí le forbairt, ina measc ar cuireadh béim róbheag nó rómhór ar roinnt smaointe, ar mhaith leo aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá ar phointe an ama seo, agus cé na réimsí ba cheart tús áite a thabhairt dóibh nuair atá sceideal á chruthú do na forbairtí.

Tá comhthiomsú mionsonraithe den aiseolas a fuarthas go dtí seo san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach le fáil sa cháipéis a ghabhann leis seo, *Tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí* (CNCM, 2019). Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil eatramhach sin ar an bpróiseas a úsáideadh don athbhreithniú go dtí seo agus tarraingítear ann ar fhoinsí éagsúla aiseolais, ina measc:

- *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions Overview Report (CNCM, 2017)*
- *Senior Cycle Review: Analysis of discussions in schools on the purpose of senior cycle education in Ireland* (ESRI, 2018)
- *Student, teacher and parent perspectives on senior cycle education* (ESRI, 2019)
- *National Seminars feedback summary* (NCCA, 2019)
- Taighde ar oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn, roinnt tuarascálacha staidéir fhadaimseartha ón ESRI ina measc. Tugtar leabharliosta in *Tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí* (CNCM, 2019).

Tá sé d'aidhm ag oideachas na sraithe sinsearaí go leor cuspóirí a bhaint amach. Tá sé dírithe ar eispéireas oideachais iomlánaíoch d'ardchaighdeán a chur ar fáil do gach scoláire, agus é ag déanamh níos mó forbartha ar a eolas, scileanna agus cháilíochtaí mar fhoghlaimeoir agus duine óg. Féachann

sé le tacú lena fholláine agus cur léi; a dheiseanna saoil a fheabhsú; agus cur le chomh réidh is atá sé le haghaidh todhchaí éagsúil agus athraitheach. Leagann sé an bhunchloch do shaoránacht iomlán, ghníomhach, agus an duine óg ag múnlú agus ag cur lena phobal, lena shochaí agus lena gheilleagar níos mó agus níos mó. Tá sé d'aidhm leis tacú le haistrithe comhleanúnacha go printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, fostaíocht, breisoideachas agus ardoideachas, agus tá ról tábhachtach aige i ngníomhú mar bhealach iontaofa roghnaithe don ardoideachas. Is dúshlán mór d'aon chlár oideachais freastal ar na cuspóirí sin ar fad, agus iad a bhaint amach, go cothrom agus go comhréireach.

Ag éisteacht leis na tuairimí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú, is léir go bhfuil go leor sa tsraith shinsearach reatha a thuilleann meas. Tá ardleibhéal muiníne agus iontaofachta ag an bpobal san oideachas a fhaigheann ár n-aos óg faoi láthair. Láidrítear agus forbraíonn na caidrimh idir an scoláire agus a mhúinteoirí i rith na céime seo den oideachas de réir mar a thagann an scoláire in inmhe agus a ghlacann sé níos mó freagrachta de réir a chéile as a chuid foghlama agus as a chinntí féin. Tá réimse leathan deiseanna foghlama ar fáil don scoláire trí ábhair, modúil agus taithí oibre sna ceithre chlár dhifriúla sa tsraith shinsearach. Bíonn go leor deiseanna ag an scoláire cur lena phobal scoile agus leis an bpobal agus an tsochaí níos leithne, go háirithe i rith na hIdirbhliana.

Ach luaigh rannpháirtithe an athbhreithnithe freisin, de réir mar a théann an tsraith shinsearach ar aghaidh, bíonn an bhéim ar scrúduithe na hArdteistiméireachta mar bhun agus barr an eispéiris sa tsraith shinsearach go minic. Tarraingíodh imní anuas faoin iarmhairt dhiúltach a bhíonn ag cleachtais áirithe ar fhoghlaim agus teagasc nuair a eascraíonn na cleachtais sin ó bhéim ollmhór ar na scrúduithe tromchúiseacha sin agus ón ullmhúchán dian dóibh. I ndiaidh na hIdirbhliana, tugadh le fios go raibh an iomarca béime ar chonair amháin, an Ardteistiméireacht Bhunaithe, agus go raibh béim iomarcach ag an tsochaí agus ag na meáin orthu siúd a fhaigheann na marcanna is airde. D'fhéadfadh an aird a thugtar don réimse iomlán scileanna agus cáilíochtaí a fhorbraíonn an scoláire i rith na sraithe sinsearaí laghdú de réir a chéile, agus béim den chuid is mó orthu siúd a ndéantar scrúdú foirmiúil orthu agus a bhaineann leis an teastasú. Cé gur intuigthe an chúis a bhféadfadh béim theoranta a theacht chun cinn ar fheidhmíocht i scrúduithe agus ar an líon is airde pointí CAO agus is féidir a bhaint amach, is féidir leis sin strus a mhéadú do na múinteoirí agus don scoláire féin. Tá teacht ar fhoghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil teoranta agus tá easpa leanúnachais uaireanta sna haistrithe go printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus fostaíocht agus ní bhíonn tacaíocht chothrom acu i gcónaí. Tarraingíonn sé sin ar fad ceisteanna anuas faoi chomh maith agus atá ag éirí leis an tsraith shinsearach freastal ar riachtanais na scoláirí ar fad faoi láthair.

Tháinig gá le línte níos soiléire leanúnachais agus dul chun cinn ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach chun cinn san athbhreithniú. Tá athruithe suntasacha ar bun faoi láthair sa tsraith

shóisearach. Sna hábhair agus gearrchúrsaí ar fad tá béim níos mó ar an eolas a dhoimhnítear trí réimse scileanna a leabú. Cuireann an tsraith shóisearach dearadh cláir níos solúbtha ar fáil anois; réimse níos leithne comhpháirteanna den churaclam agus réimse níos leithne cuir chuige i leith measúnú; bealaí nua tuairiscithe ar fhoghlaim agus gnóthachtáil; agus freastal níos fearr ar scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais. Tá na hathruithe sin ábhartha nuair a chuimhnítear ar chomh maith agus a thógann an tsraith shinsearach ar an bhfoghlaim a rinne an scoláire agus ar a eispéiris roimhe sin agus é sa chóras oideachais, ón luath-óige, go dtí an bhunscoil agus ansin ar aghaidh go dtí an tsraith shóisearach. Tá cáilíochtaí ar leith ag an tsraith shinsearach freisin a bhaineann leis an gcéim áirithe oideachais seo. Féachtar le deiseanna a sholáthar le haghaidh speisialú níos fearr, bunchlocha láidre a thógáil don aistriú go saol an duine fhásta agus cumas an scoláire a neartú chun páirt a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránach agus chun a bheith oscailt d’fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Má táthar le freastal ar riachtanais gach scoláire, caithfear réimse níos leithne conairí foghlama a chur ar fáil tríd an tsraith shinsearach, ag tacú le forbairt iomlánaíoch an scoláire – idir intleachtach, phearsanta agus shóisialta – agus ag nascadh leis an ardoideachas, breisoideachas, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus saol na hoibre. Is cinnte go bhfuil gnéithe de chláir na hIdirbhliana, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, atá i bhfeidhm le breis agus 20 bliain anois, a chuirfidh go mór le forbairt na gconairí nua. Tá an t-aiseolas san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ar na cláir sin ar fad cosúil le cuid mhaith den taighde ar na cláir sin, agus tabharfaidh sé léargas luachmhar nuair atá a ról amach anseo á mheas.

Chuir go leor rannpháirtithe san athbhreithniú in iúl go dteastóidh tacaíocht ó na scoileanna chun soláthar a éagsúlú agus go dteastóidh tacaíocht ón scoláire chun dul i ngleic leis an réimse níos leithne roghanna. D’fhéadfaí go mbeadh gá freisin leis an réimse suíomhanna foghlama a úsáidtear a leathnú. D’fhéadfadh go mbeadh ról níos mó ag gairmthreoir agus taithí oibre chun tacú leis an scoláire cinntí ciallmhara, eolacha a dhéanamh. Má leathnaítear an réimse cur chuige i leith measúnú a úsáidtear, d’fhéadfaí an réimse eolais, scileanna agus cumais a bhfuil meas orthu agus a aithnítear a leathnú, ach ag an am céanna tá ról an-tábhachtach fós ag córas na scrúduithe. Féadfaidh roghanna agus tuairisciú na sraithe sinsearaí forbairt chun an réimse leathan cinn scríbe a bhfuil na scoláirí dírithe orthu a aithint, agus a dteastaíonn tacaíocht uathu chun iad a bhaint amach. Ag an am céanna is é an córas CAO a úsáidfear mar bhealach roghnaithe don ardoideachas.

Nuair a leagtar amach an chaoi a bhféadfadh an tsraith shinsearach forbairt sna blianta amach anseo, beidh sé tábhachtach smaoineamh go cúramach ar luas; cumarsáid oscailte a chothú, go háirithe le scoileanna; leanúint le rannpháirtíocht na páirtithe leasmhara agus í a fhorbairt tuilleadh; cumas athraithe a thógáil go comhoibríoch agus pleanáil go cúramach do chur i bhfeidhm aon athruithe. Tá

athchóiriú suntasach ar an tsraith shóisearach fós á chur i bhfeidhm i scoileanna agus caithfear forbairtí sa tsraith shinsearach a bhreithniú i bhfianaise na ndeiseanna agus na ndúshlán a tharraing an t-athchóiriú sin anuas go dtí seo. Sa chomhthéacs sin, is cosúil go dteastaíonn fás agus forbairt seachas athrú ó bhonn ar an tsraith shinsearach – éabhlóid ní réabhlóid. Is cinnte gurbh in an dearcadh i leith athrú oideachais ar an tsraith shinsearach ba mhó a cuireadh in iúl san athbhreithniú go dtí seo.

Tá fís shoiléir do shraith shinsearach atá forbartha agus athraithe ag teacht chun cinn ón athbhreithniú seo mar sin. Amach anseo, beidh conairí níos éagsúla ar fáil don scoláire, agus deis foghlaim a mheascadh ar bhealaí difriúla. Tógann an tsraith shinsearach ar an bhfoghlaim a rinne an scoláire agus é sa chóras oideachais, ón luath-óige, go dtí an bhunscoil agus ansin ar aghaidh go dtí an tsraith shóisearach. Tá níos mó roghanna ar fáil san fhoghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil. Cuirtear tacaíocht níos fearr ar fáil don scoláire chun cabhrú lena chinnteoireacht, agus beidh solúbthacht ann don scoláire a chonair tríd an tsraith shinsearach a chur in oiriúint don todhchaí a mheasann sé atá uaidh. Cuireann gach conair le forbairt shóisialta, phearsanta agus intleachtach an scoláire, ó thús deireadh na sraithe sinsearaí, de réir mar a dhoimhníonn agus a fhorbraíonn sé a eolas, a scileanna agus a cháilíochtaí. Cuireann cuir chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe leis na scrúduithe agus tugann taifead éigin ar ghnóthachtáil pictiúr níos iomláine ar fáil d’fhoghlaim agus gnóthachtáil an scoláire, a d’fhéadfaí a úsáid chun tabhairt faoi chonairí éagsúla iarscoile. Tarlaíonn foghlaim in go leor áiteanna, agus beidh roinnt díobh sin taobh amuigh den scoil. Cuirtear deiseanna dara seans ar fáil don fhoghlaim agus measúnú.

Teastóidh rannpháirtíocht leanúnach ó na páirtithe leasmhara ar fad chun an todhchaí sin a bhaint amach chomh maith le tiomantas do thógáil ar láidreachtaí ár sraithe sinsearaí reatha chun eispéireas feabhsaithe, níos freagrúla agus iomlánaíoch sa tsraith shinsearach a chur ar fáil do chách. Beidh ar na páirtithe leasmhara a smaointe a aithint sna forbairtí agus a bhrath go dtacaítear le cur i bhfeidhm na moltaí agus gur rud é gur féidir leo oibriú go fónta ina threo.

Tugtar cuntas níos mionsonraithe thíos ar na príomhréimsí atá le forbairt a tháinig chun cinn san athbhreithniú go dtí seo agus a fhiosrófar arís i rith an chomhairliúcháin seo. Iarrfaidh an comhairliúchán freisin go ndéanfar plé ar na hacmhainní, tacaíochtaí agus tógáil cumais i measc scoileanna agus páirtithe leasmhara a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil chun athruithe a mholtar a chur i bhfeidhm i gceart sna scoileanna. De réir mar a athraíonn agus a fhorbraíonn an tsraith shinsearach, teastóidh comhoibriú idirghníomhaireachta i réimse eagraíochtaí, san oideachas iar-bhunscoile agus sna heagraíochtaí sin a bhainistíonn an t-aistriú go conairí eile i ndiaidh na scoile.

Cuirfidh aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí seo, mar aon le haiseolas an athbhreithnithe go dtí seo agus léargas ó thaighde, bonn eolais faoin tuarascáil chomhairleach a chuirfear faoi bhráid an Aire

Oideachais agus Scileanna ar nádúr, luas agus scála fhorbairtí na sraithe sinsearaí a bheartaítear sna blianta amach romhainn.

# Na príomhsmaointe agus réimsí le forbairt

Tugtar breac-chuntas thíos ar na príomhsmaointe agus réimsí le forbairt a fhiosrófar i rith an chomhairliúcháin. Tugtar gluais do na príomhthéarmaí ag deireadh na cáipéise seo mar áis.

## Cuspóir

Tá fealsúna i mbun díospóireachta le fada an lá faoi chuspóir an oideachais agus an ról atá aige sa tsochaí agus don duine aonair. Tugtar breac-chuntas ar na luachanna atá ag croí na sraithe sinsearaí in *Senior Cycle: Towards Learning, Listening to Schools* (CNCM, 2009), is é sin comhionannas agus ionchuimsiú; ceartas agus cothroime; meas ar dhínit agus aitheantas an duine; agus saoirse agus daonlathas. Tá ocht bprionsabal ina bhonn agus taca ag na luachanna sin: cáilíocht, oideachas ionchuimsitheach, leanúnachas, rogha agus solúbthacht, rannpháirtíocht, ábharthacht agus taitneamh, folláine, cruthaitheacht agus nuálaíocht agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Bunchuid d’athbhreithniú a dhéanamh ar oideachas na sraithe sinsearaí is ea an cuspóir atá mar bhonn agus taca ag an oideachas sa tsraith shinsearach den iar-bhunscolaíocht a shainaithint agus a chomhaontú. San athbhreithniú go dtí seo, d’fhéadfaí cur síos ar an gcuspóir a tháinig chun cinn mar seo a leanas:

Tá sé d’aidhm ag oideachas na sraithe sinsearaí cabhrú le gach scoláire a acmhainneacht a bhaint amach. Cuirtear ar chumas gach scoláire a eolas agus a scileanna a dhoimhniú i rith na sraithe sinsearaí agus é ag teacht in inmhe agus ag forbairt go hintleachtach, go pearsanta agus go sóisialta. Cuireann an taithí ar an oideachas sa tsraith shinsearach ar chumas na scoláirí todhchaí éagsúil agus inbhuanaithe a bheith acu, ionas gur féidir le gach scoláire tabhairt faoi shaoránacht iomlán agus ghníomhach agus páirt a ghlacadh go hiomlán agus go gníomhach sa tsochaí agus sa gheilleagar de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim agus ag aistriú go dtí an saol i ndiaidh na scoile.

Luadh *foghlaim ar feadh an tsaoil* i rith an athbhreithnithe mar fhonn láidir chun cabhrú leis an scoláire grá don fhoghlaim a fhorbairt; deiseanna dara seans a thabhairt dó san fhoghlaim agus chun foghlaim ag luas a fheileann dá riachtanais, chumais agus inniúlachtaí. Tháinig fonn láidir chun cinn le haghaidh *leanúnachas* feabhsaithe ón scoil go cinn scríbe iarscoile, agus bhí dearcthaí éagsúla ann maidir leis an aistriú ón tsraith shóisearach agus/nó ón Idirbhliain go cláir na hArdteistiméireachta. Creidtear gur gnéithe tábhachtacha den tsraith shinsearach iad *rannpháirtíocht, ábharthacht agus taitneamh* agus *cruthaitheacht agus nuálaíocht* agus a bhíonn níos feiceálaí i rith na hIdirbhliana agus i roghanna ábhar an scoláire ná am ar bith eile. Cuireadh dearcthaí éagsúla in iúl faoi chomh *hionchuimsitheach* agus atá an tsraith shinsearach reatha, agus creideadh go bhfuil *solúbthacht* agus *rogha* níos fearr mar ghné amháin a d'fhéadfadh sraith shinsearach níos ionchuimsithí a chruthú agus a fheabhsú go mór. Dearbhaíodh *cáilíocht* eispéireas reatha an scoláire sa tsraith shinsearach (trí theagasc d'ardchaighdeán) ach ceistíodh freisin í (sa bhéim iomarcach a mheastar atá ar scrúduithe). Dúradh go dtacaítear le *folláine* in eispéireas na sraithe sinsearaí ach go dtugtar a dúshlán freisin. I measc na gcúinsí a bhaineann le tacaíocht don fholláine a sainaithníodh i rith an athbhreithnithe tá timpeallacht oscailte agus thacúil ar scoil; caidrimh dhearfacha idir an scoláire agus a mhúinteoirí; taithí oibre agus gairmthreoir; teagasc d'ardchaighdeán, forbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán agus comhoibriú idir mhúinteoirí. Áirítear leis na dúshláin don fholláine ró-ualach curaclaim thar sheacht n-ábhar; an iomarca béime ar scrúduithe deiridh, as a n-eascraíonn cúngú na gcur chuige i leith teagaisc agus foghlama; strus mór agus/nó easpa spéise; agus imní faoin todhchaí.

Tá tuilleadh plé ar chuspóir oideachas na sraithe sinsearaí a thagann ón athbhreithniú go dtí seo ar leathanaigh 26–34 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019). Tá aiseolas a bhaineann go sonrach le hoideachas ionchuimsitheach agus folláine ar leathanaigh 54–60 den tuarascáil sin.

Nuair atá cuspóir comhaontaithe d'oideachas na sraithe sinsearaí á chinneadh, measfar tuilleadh an t-aiseolas ón athbhreithniú agus ón gcomhairliúchán seo, mar aon le léargas ón bhfealsúnacht, taighde agus forbairtí le deireanaí san oideachas.

**Cuspóir – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na cuspóirí don tsraith shinsearach a thagann ón athbhreithniú?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chuspóir na sraithe sinsearaí?

## Fís d'fhoghlaimeoirí na sraithe sinsearaí

Nuair a bhí an cineál oideachas ba cheart don scoláire a fháil sa tsraith shinsearach anois agus amach anseo á fhiosrú, phléigh rannpháirtithe an athbhreithnithe réimse smaointe idirnasctha. Dearbhaíodh nádúr iomlánaíoch eispéireas na sraithe sinsearaí, a chuireann an scoláire iomlán san áireamh. Meastar go bhfuil an-tábhachtach le cloí le fís den tsraith shinsearach a chuireann le hionchuimsiú bríoch agus a fheabhsaíonn folláine do chách.

### Eolas, scileanna agus cáilíochtaí

Dearbhaíodh arís agus arís eile i rith an athbhreithnithe an tábhacht mhór atá le heolas disciplín agus an gá le dúshlán cognaíoch agus cruthaitheach an scoláire a thabhairt de réir mar a fhoghlaimíonn agus a dheimhníonn sé a eolas agus scileanna. Mheas rannpháirtithe an athbhreithnithe na scileanna agus cáilíochtaí ba cheart go mbeadh deis ag an scoláire a fhorbairt tuilleadh de réir mar a bhíonn sé ag gabháil den eolas thar réimse disciplíní agus á chur i bhfeidhm. Is féidir na scileanna agus cáilíochtaí a luadh a chur sna grúpaí seo a leanas:

- ceistiú ardoird; smaointeoireacht chriticiúil agus anailísiú; réiteach fadhbanna agus próiseáil fadhbanna; foghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch; cruthaitheacht agus nuálaíocht; agus scileanna i réimsí an taighde, na scríbhneoireachta, na cumarsáide, an chur i láthair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha.

- cáilíochtaí idirphearsanta agus inphearsanta, ina measc teacht aniar, féinmhuinín, féinghlacadh agus muinín, trua, comhbhá, féinbhainistíocht agus eagrú, obair bhuíne, fiosracht agus grá don fhoghlaim.
- scileanna saoil amhail bainistíocht airgeadais, an cumas tabhairt faoin bhfíorshaol agus faoin domhan digiteach agus páirt ghníomhach a ghlacadh iontu; agus eolas agus tuiscint ar oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (caidrimh agus gnéasacht ina measc) agus ar dhomhan na hoibre.

Tá tuilleadh aiseolais faoin eolas, scileanna agus cáilíochtaí ba cheart don tsraith shinsearach cabhrú leis an scoláire a fhorbairt, agus na cuir chuige teagaisc agus foghlama a phléigh rannpháirtithe an athbhreithnithe, ar leathanaigh 27–33 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019).

**Eolas, scileanna agus cáilíochtaí – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé mhéad a aontaíonn tú gurb iad sin na scileanna agus cáilíochtaí ba cheart don scoláire a fhorbairt i rith na sraithe sinsearaí agus é ag gabháil den eolas thar réimse disciplíní?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin eolas, scileanna agus cáilíochtaí ba cheart don scoláire a fhorbairt i rith na sraithe sinsearaí?

## Teagasc agus foghlaim

Cuireann cuir chuige teagaisc agus foghlama, cultúr na scoile, agus cúinsí aonair, teaghlaigh agus sochaí ar fad le cabhrú leis an scoláire a eolas, scileanna agus cháilíochtaí a fhorbairt agus cuireann siad le folláine an scoláire ar bhealaí éagsúla. Cé go mbíonn tionchar gan amhras ag cúinsí teaghlaigh agus sochaí ar rannpháirtíocht an duine óig san fhoghlaim agus chomh réidh agus atá sé lena haghaidh, bíonn tionchar suntasach freisin ag teagasc agus foghlaim d’ardchaighdeán agus cultúr scoile ionchuimsitheach ar fhorbairt agus folláine chognaíoch, fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach an scoláire.

Tá breithiúnas an mhúinteora riachtanach chun cinneadh a dhéanamh faoin raon cuir chuige oideolaíocha a úsáidfear, á gcur in oiriúint do riachtanais an scoláire; chun go bhfeilfidh siad don eolas agus scileanna disciplíneacha atá á bhforbairt; agus chun cabhrú leis an scoláire réimse cáilíochtaí inphearsanta agus idirphearsanta a fhorbairt a d’fhéadfadh cur lena fhoghlaim, lena thaithí ar an oideachas agus lena shaol.

Ag eascairt ón athbhreithniú go dtí seo, tá fís don teagasc agus foghlaim ar cheart do gach scoláire a fháil sa tsraith shinsearach ag teacht chun cinn, is é sin:

- tá sé sách dúshlánach, agus cuirtear ar chumas an scoláire a intinn a úsáid go maith agus a bheith oscailte d'eispéiris agus féidearthachtaí foghlama nua agus níos deimhne
- cuirtear ar chumas gach scoláire foghlaim
- aithnítear agus dearbhaítear gach tallann agus inniúlacht
- tugtar aghaidh ar gach riachtanas foghlama
- feabhsaítear an caidreamh idir phiaraí agus idir an scoláire agus múinteoirí
- cuirtear le forbairt phearsanta, aibíocht agus freagracht an scoláire as a fhoghlaim féin
- spreagtar machnamh ar an bpróiseas foghlama agus leagtar bunchloch don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- soláthraítear naisc laistigh de réimsí foghlama agus eatarthu
- tá sé bríoch don scoláire agus tá baint aige lena shaol agus leis an domhan mór.

I rith an athbhreithnithe, dearbhaíodh cuir chuige éagsúla teagaisc agus foghlama, ina measc teagasc díreach, plé ranga, piarfhoghlaim, obair bheirte agus obair i ngrúpaí, foghlaim a nascadh le samplaí agus feidhmeanna san fhíorshaol, tionscadail agus foghlaim bunaithe ar thaighde, punanna, foghlaim phraiticiúil trí dhéanamh/chruthú, foghlaim a chur in iúl ó bhéal agus foghlaim idirdhisciplíneach. Pléadh freisin an fhéidearthacht atá ag na teicneolaíochtaí digiteacha cur le foghlaim agus inrochtaineacht a fheabhsú ar fud gach disciplín. Luadh go bhféadfadh cuir chuige ghníomhacha teagaisc agus foghlama cur le rannpháirtíocht agus tuiscint a dhoimhniú, nuair a úsáidtear go hoilte iad, ach go mbíonn sé deacair uaireanta teacht ar am don rannpháirtíocht agus í a chothú sna cuir chuige sin laistigh de chomhthéacs reatha chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe.

**Teagasc agus foghlaim – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis an bhfís don teagasc agus foghlaim a thagann ón athbhreithniú?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin teagasc agus foghlaim sa tsraith shinsearach?

## Conairí agus cláir

Nuair a bhí ceist na dtréimhsí, clár agus conairí a dtéann an scoláire i ngleic leo sa tsraith shinsearach á meas, tugadh le fios gur cheart go mbeadh rogha fós ag an scoláire faoi fhad na sraithe sinsearaí (dhá bhliain nó trí bliana). D'athdhearbhaigh rannpháirtithe an athbhreithnithe an gá atá le gach tallann agus inniúlacht a aithint agus a dhearbhú sa tsraith shinsearach, ag tacú le gach scoláire a acmhainneacht a bhaint amach. Creideadh go bhfuil an bhéim iomarcach ar chonair amháin, an Ardteistiméireacht Bhunaithe, ag cur leis an easpa forbartha ar réimsí ar nós foghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil. De bharr srianta ar na roghanna atá ar fáil agus brú cloí le hionchais teaghlaigh agus sochaí, d'fhéadfadh an scoláire roghanna straitéiseacha a dhéanamh faoi chláir, ábhair agus leibhéil nach léiríonn i ndáiríre a ábhar spéise, chumas, mheon agus inniúlachtaí. Creideadh go bhfuil imfhálú ag cur teorainn le deiseanna agus roghanna an scoláire. Sa chomhthéacs sin, tá tacaíocht láidir ag réimse níos leithne roghanna a chur ar fáil do na conairí foghlama sa tsraith shinsearach, le solúbthacht chun foghlaim a chur le chéile ar bhealaí éagsúla agus nascadh leis an ardoideachas, breisoideachas, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus saol na hoibre. Meastar go bhféadfaí dá bharr sin an tsraith shinsearach a dhéanamh go hiomlán ionchuimsitheach agus na roghanna a dhéanann an scoláire níos bríche agus é ag cinneadh cé na roghanna breisoideachais agus gairme ba mhaith leis tabhairt fúthu. D'fhéadfaí réimse níos leithne roghanna a bhaint amach ach na conairí atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach a oiriúnú agus roghanna eile a chur leo. Pléadh réimsí le forbairt ar nós:

- imfhálú na gclár reatha a laghdú
- an fhéidearthacht a bhainfeadh le cláir reatha a thabhairt le chéile mar churaclam sraithe sinsearaí amháin do gach scoláire, beag beann ar an gconair, a fhiosrú, agus meascáin ar fáil don scoláire le roghnú agus le tabhairt faoi, agus na socruithe cuí measúnaithe agus tuairiscithe ag gabháil leo
- gairmthreoir a fheabhsú chun tacú leis an scoláire cinneadh a dhéanamh faoin gconair agus meascán is fearr a d'fheilfeadh dá riachtanais agus pleananna don todhchaí
- bealaí a fhiosrú le tuilleadh roghanna a chur ar fáil i réimsí na foghlama teicniúla, gairme, cruthaithí agus gairmiúla

- a mheas cé na bealaí a bhféadfaí an fhoghlaim sa tsraith shinsearach a bhrath agus a fheabhsú thar réimse comhthéacsanna agus suíomhanna, scoileanna ina measc agus cúrsaí ar líne, san earnáil Ógtheagmhála, scoileanna speisialta, suíomhanna oideachais aosach, srl.
- foghlaim leantach a sholáthar do scoláirí a chuireann an tsraith shóisearach i gcrích ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, a chruthódh rannpháirtíocht a bhaineann le haois i gcláir na sraithe sinsearaí ach go bhféadfaí leibhéal difriúil cáilíochta a bhaint amach
- bealaí a fhiosrú chun deiseanna 'dara seans' a fheabhsú tuilleadh dóibh siúd ar mian leo filleadh ar an tsraith shinsearach i ndiaidh imeacht ón oideachas lánaimseartha agus/nó ar mian leo taifead ar ghnóthachtáil go dtí seo sa tsraith shinsearach a úsáid chun tabhairt faoi bhreisoideachas
- an réimse foghlama ón láthair atá in úsáid faoi láthair a fhiosrú (ar nós suíomhanna taithí oibre, comhlonnú scoileanna ar champas amháin, tairbhe a bhaint as an bhfoghlaim atá ar fáil nuair atá scoil comhlonnaithe le hionad breisoideachais), agus iad siúd a d'fhéadfaí a leathnú tuilleadh (ar nós deiseanna foghlama ar líne), ag féachaint leis an réimse suíomhanna don fhoghlaim sa tsraith shinsearach a fheabhsú
- bealaí fónta chun tacú le grúpaí scoláirí i mbaol a fhiosrú, lena n-áirítear tacú le scoileanna chun timpeallacht shábháilte, thacúil agus ionchuimsitheach a chruthú agus a chothú.

Tá tuilleadh aiseolais faoi na conairí agus cláir sa tsraith shinsearach ar leathanaigh 43–53 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019).

**Conairí agus cláir – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chonairí agus cláir sa tsraith shinsearach?

## Comhpháirteanna den churaclam

Bhí rannpháirtithe an athbhreithnithe dearfach faoin réimse leathan comhpháirteanna den churaclam atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach. Tugann scoláirí na hIdirbhliana faoi chomhpháirteanna

modúl, a eagraítear go téamach go minic agus a mbíonn gné láidir idirdhisciplíneach ag baint leo. San Ardteistiméireacht Fheidhmeach, eagraítear an curaclam ina mhodúil thar cheithre sheisiún de réir na gceithre réimse disciplín, agus bíonn tuairisciú ag deireadh gach seisiúin. San Ardteistiméireacht Bhunaithe, eagraítear an curaclam de réir ábhar, le roinnt modúl i réimsí ábhair nach scrúdaítear. Tugann scoláirí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta faoi dhá mhodúl anuas ar a n-ábhair san Ardteistiméireacht Bhunaithe. Chuir go leor rannpháirtithe san athbhreithniú in iúl gur maith leo go leanfaí ar aghaidh ag díriú ar fhormhór na foghlama sa tsraith shinsearach trí ábhair agus a n-eolas bunúsach, disciplíneach.

San athbhreithniú go dtí seo, nuair a fiafraíodh cé na comhpháirteanna curaclaim ba cheart a bheith éigeantach, má ba cheart aon cheann a dhéanamh éigeantach, moladh Béarla/litearthacht, matamaitic/uimhearthacht agus scileanna saoil níos mó ná aon chuid eile. Moladh freisin litearthacht dhigiteach; litearthacht airgeadais; taithí oibre; oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (oideachas caidrimh agus gnéasachta ina measc); oideachas saoránachta agus polaitiúil; an Ghaeilge; oideachas inbhuanaitheachta agus athraithe aeráide; cultúr agus ilchultúrachas; agus deiseanna d'fhoghlaim ildisciplíneach, ach léiríodh dearcthaí éagsúla faoi ar cheart go mbeadh na réimsí sin roghnach nó éigeantach. Léiríodh dearcthaí éagsúla faoin nGaeilge a choinneáil mar ábhar éigeantach.

I measc na réimsí le forbairt a bhaineann le comhpháirteacha den churaclam sa tsraith shinsearach tá:

- athbhreithniú ar an liosta reatha ábhar agus breithniú ar cheart ábhair a choinneáil/ábhair a thosú/deireadh a chur le hábhair sa chomhthéacs iomlán de leanúint ar aghaidh ag cur réimse leathan agus éagsúil ábhar ar fáil
- a mheas cé na bealaí a bhféadfadh an scoláire ábhair iomlána a chur le foghlaim nach dtógann an t-achar céanna sa chlár atá ar bun aige. D'éascódh sé sin eispéireas níos leithne agus d'fhéadfaí freisin tabhairt faoi speisialú níos mó agus solúbthacht níos fearr sna comhpháirteanna den churaclam is féidir leis an scoláire a roghnú agus a chur le chéile
- na dúshláin phraiticiúla agus impleachtaí acmhainní a fhiosrú a bhaineann le réimse leathan ábhar, modúl agus taithí foghlama a thairiscint do gach scoláire agus teacht ar réitigh chun tacú le gach scoil, scoileanna beaga agus scoileanna cailíní/buachaillí ina measc, chun sin a bhaint amach
- meastóireacht ar an soláthar ba cheart a dhéanamh, dá mba cheart, do réimsí ábhair a d'fhéadfadh folláine an scoláire a fheabhsú go díreach, ar nós corpoideachais, OSPS agus OSSP agus tosca eile a fhiosrú a chuireann leis an bhfolláine sa tsraith shinsearach agus a chuireann isteach ar an bhfolláine.

Nuair a bhí comhpháirteanna den churaclam á bplé san athbhreithniú, tarraingíodh anuas príomhcheisteanna faoi leithne an churaclaim, ró-ualach curaclaim agus réimsí agus ábhair éigeantacha an churaclaim. I measc na réimsí le forbairt bhí:

- leithne a choinneáil trí mhodúil a chur ar fáil i réimsí ar nós oideachas saoránach, sóisialta agus polaitiúil (OSSP), oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS), gairmthreorach, taithí oibre, obair dheonach, srl.
- na comhpháirteanna uile de churaclam na sraithe sinsearaí, na hábhair ina measc, a fhorbairt ina n-aonaid inbhainistithe ach substaintiúil chun go bhféadfaí dearadh clár scoile solúbtha a éascú agus solúbthacht a chur ar fáil don scoláire chun dul le conairí áirithe agus iad a athrú.
- méid iomlán na foghlama/na gcomhpháirteanna den churaclam/ama ba cheart a chur le cláir na sraithe sinsearaí a fhiosrú, an líon ábhar iomlán a dhéantar don Ardteistiméireacht Bhunaithe ina measc
- a mheas cé na comhpháirteanna den churaclam nó réimsí curaclaim ba cheart a bheith éigeantach, dá mba cheart, sa tsraith shinsearach athchóirithe.

Tá tuilleadh aiseolais faoin struchtúr agus comhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach ar leathanaigh 35–42 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019).

**Comhpháirteanna den churaclam – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?

Cé na réitigh a shamhlaíonn tú chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann leis an ró-ualach curaclaim?

Cé na comhpháirteanna den churaclam a chreideann tú ba cheart a bheith éigeantach sa tsraith shinsearach?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chomhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach?

## Measúnú

Dearbhaíodh san athbhreithniú go bhfuil go leor láidreachtaí ag baint le cuir chuige measúnaithe na sraithe sinsearaí reatha. Labhair rannpháirtithe an athbhreithnithe go dearfach faoi na bealaí éagsúla

a úsáideann múinteoirí measúnú chun foghlaim an scoláire a scafláil agus tacú léi, le cuir chuige éagsúla i leith measúnú in úsáid sna ceithre chlár, ina measc tionscadail, tascanna, príomhthascanna, tuairiscí, punanna, scrúduithe praiticiúla, béaltrialacha, agallaimh agus scrúduithe. Creideann múinteoirí agus tuismitheoirí go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh córas measúnaithe sa tsraith shinsearach atá oibiachtúil agus cothrom. Tháinig mian chun na cuir chuige reatha i leith measúnú a leathnú agus a athchothromú chun cinn san athbhreithniú, a thógfadh ar na príomhláidreachtaí atá le feiceáil cheana féin i measúnú na sraithe sinsearaí. Moladh freisin go bhféadfaí an measúnú a scaipeadh níos mó i rith an dá bhliain. Bheadh réimse tairbhí leis sin, ar nós bealach a chur ar fáil le gnéithe áirithe den tsraith shinsearach a chur i gcrích i mbliain amháin, a d'éascódh scoláire ar theastaigh uaidh fócas leathan a bheith aige sa chúigiú bliain agus speisialú sa séú bliain, agus, ar an iomlán, brú ar scrúdú aonair amháin a laghdú. D'fhéadfadh míbhuntáistí baint leis freisin, ina measc go leathnófaí seachas go laghdófaí an brú; dúshláin a chruthú d'amchláir scoile; agus impleachtaí lóistíochta agus acmhainní. Ag eascairt as an athbhreithniú go dtí seo, áirítear leis na réimsí le forbairt sa mheasúnú:

- na socruithe measúnaithe reatha san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, i nGairmchlár na hArdteistiméireachta, san Idirbhliain agus san Ardteistiméireacht Bhunaithe a fhorbairt tuilleadh, mar shampla trí fhéidearthachtaí a fhiosrú a bhaineann le punanna, agallaimh, tascanna a chur i gcrích agus creidmheasanna a charnadh a úsáid i ngnéithe de mheasúnú na sraithe sinsearaí
- an ról a bhíonn ag comhpháirteanna breise measúnaithe faoi láthair in ábhair a fhiosrú agus a mheas cé chomh hoiriúnach is atá raon agus líon na gcomhpháirteanna measúnaithe atá in úsáid sna hábhair ar fad (faoi láthair, tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe nó níos mó, i bhfoirm tionscadal, béaltrialacha, scrúduithe praiticiúla, srl., ag baint le 24 as an 37 ábhar).
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an ualú a thugtar faoi láthair do chomhpháirteanna measúnaithe breise a mhéadú
- breithniú cé na tairbhí agus míbhuntáistí féideartha a bhainfeadh le measúnuithe a scaipeadh níos mó ar fud na sraithe, mar shampla, dhá scrúdú a reáchtáil do gach ábhar, ceann ag deireadh an chúigiú bliain agus ceann ag deireadh an tséú bliain
- bealaí a fhiosrú le socruithe measúnaithe a sholáthar a chuireann le deiseanna dara seans d'fhoghlaimeoirí
- go ginearálta, a mheas cé na bealaí a bhféadfaí cuir chuige agus modhanna measúnaithe agus scrúdaithe a leathnú ionas go mbeadh deis ag gach scoláire réimse leathan foghlama a léiriú ar bhealaí difriúla.

Tá tuilleadh aiseolais faoi mheasúnú sa tsraith shinsearach ar leathanaigh 61–67 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019).

**Measúnú – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin measúnú sa tsraith shinsearach?

## Tuairisciú

Tá go leor cuspóirí ag tuairisciú sa tsraith shinsearach, ina measc tuairisciú mar ráiteas foghlama, mar thaifead an scoláire ar a ghnóthachtáil san iar-bhunscoil, agus mar bhealach roghnaithe don tríú leibhéal bunaithe ar na torthaí measúnaithe. Tugadh le fios san athbhreithniú go gcaithfidh an tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire léiriú níos iomláine a thabhairt ar na heispéiris foghlama, eolas, scileanna, cáilíochtaí agus gnóthachtáil a bhain an scoláire amach sa tsraith shinsearach nó a d'fhéadfaí a bhaint amach i sraith shinsearach amach anseo. Ba cheart go n-aithneofaí agus go ndearbhófaí réimse éagsúil na dtallann agus na n-inniúlachtaí a léiríonn scoláirí, agus, ar an mbealach sin, aistrithe bríocha agus comhleanúnacha go breisoideachas a sholáthar.

Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, áirítear leis na réimsí le forbairt tuilleadh:

- bealaí a fhiosrú chun pictiúr níos iomláine a thabhairt de ghnóthachtáil an scoláire agus cur le tuairisciú atá níos leithne, a bhfuil níos mó measa air agus atá níos bríche
- riachtanais tuairiscithe a fhiosrú, mar a bhíonn ag scoláirí, institiúidí breisoideachais agus suíomhanna foghlama eile, riachtanais scoláirí atá ag filleadh ar an oideachas ina measc
- bealaí cruthaitheacha agus praiticiúla a fhiosrú chun socruithe tuairisciú níos leithne a chuimsiú, ag tógáil ar na cleachtais tuairiscithe leathana atá ann faoi láthair san Idirbhliain agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach, agus sa tsraith shóisearach.

Tá tuilleadh aiseolais faoi thuairisciú sa tsraith shinsearach ar leathanaigh 68–74 den *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí* (CNCM, 2019).

**Tuairisciú – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?

An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin tuairisciú sa tsraith shinsearach?

## Tosaíochtaí agus tacaíochtaí

Rinneadh go leor plé i rith an athbhreithnithe faoi nádúr, luas agus scála an athraithe a bhainfeadh le forbairtí féideartha ar an tsraith shinsearach. Sa chomhthéacs sin, éilíodh:

- príomhthosaíochtaí a shainaithint don tsraith shinsearach agus amlíne mholta a chruthú d’fhorbairtí, ag cur cumas athraithe an chórais san áireamh
- tacaíochtaí a fhiosrú mar a theastaíonn siad ó scoileanna, múinteoirí, ceannairí scoile, scoláirí agus an córas chun níos mó forbartha agus athruithe ar an tsraith shinsearach a éascú
- taighde a mheas mar a bhaineann sé le hathrú curaclaim agus an fhéidearthacht dul i dtreo pobail foghlama gairmiúla, le tacaíocht bhreise, mar bhealach thábhachtach chun tacú le hathrú
- díriú ar na himpleachtaí do sholáthar gairmthreorach ar scoil má chuirtear réimse conairí tríd an tsraith shinsearach ar fáil.

**Tosaíochtaí agus tacaíochtaí – fócas le haghaidh comhairliúcháin**

Cé na réimsí le forbairt sa tsraith shinsearach a chreideann tú ba cheart tús áite a thabhairt dóibh nuair atá sceideal forbairtí á chruthú do na blianta amach romhainn?

Cé na tacaíochtaí is tábhachtaí a chreideann tú chun athrú agus forbairt inbhuanaithe agus bhríoch a éascú agus a chruthú sa tsraith shinsearach?

Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi thosaíochtaí agus tacaíochtaí?

## Na chéad chéimeanna eile

Eiseofar feasachán eolais (an tríú ceann sa tsraith) do gach iar-bhunscoil agus do réimse leathan páirtithe leasmhara. Beidh an feasachán ar fáil ar líne le haghaidh thús an chomhairliúcháin agus chun oideoirí agus an pobal mór a chur ar an eolas faoin gcomhairliúchán. Iarrfar ar na grúpaí agus páirtithe leasmhara ar fad a ghlac páirt go dtí seo san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo agus iarrfar orthu aird a tharraingt ar an gcomhairliúchán i measc daoine eile. Beidh an comhairliúchán ar oscailt do chách.

Fógrófar sonraí faoi imeachtaí comhairliúcháin ar na meáin shóisialta freisin agus spreagaimid na páirtithe leasmhara ar fad le haird a tharraingt ar an gcomhairliúchán agus rannpháirtíocht ann a chur chun cinn.

Iarrfar ar dhaoine agus eagraíochtaí páirt a ghlacadh i mbealaí difriúla, ina measc:

- suirbhé ar líne
- aighneachtaí i scríbhinn
- cruinnithe le fócasghrúpaí
- comhdháil náisiúnta chomhairliúcháin
- cruinnithe le páirtithe leasmhara

Glac páirt sa chomhairliúchán poiblí trínár suirbhé a fhreagairt ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach, nó trí aighneacht i scríbhinn nó léiriú spéise i gcruinnithe fócasghrúpa a chur ar

ríomhphost go seniorcycle@ncca.ie. Tá an cháipéis seo agus an tuarascáil a ghabhann léi ar fáil don chomhairliúchán poiblí go dtí an 1 Samhain 2019.

I ndiaidh an chomhairliúcháin, cuirfear tuarascáil chomhairleach i dtoll a chéile ina mbeidh réimsí tosaíochtaí, spriocanna níos fadtéarmaí agus sceideal beartaithe agus comhairle ar chomh tapa agus chomh mór agus a thabharfar faoi fhorbairtí in oideachas na sraithe sinsearaí. Eiseofar an tuarascáil sin don Aire Oideachais agus Scileanna lena breithniú.

## Gluais na bpríomhthéarmaí

Tugtar gluais anseo thíos de na téarmaí a úsáidtear sa cháipéis seo, chun iad a shoiléiriú agus le tacú le plé sa chomhairliúchán.

**Modúl**

Sa tsraith shinsearach faoi láthair, féadfar tabhairt faoi mhodúil san Idirbhliain, san Ardteistiméireacht Fheidhmeach nó i nGairmchlár na hArdteistiméireachta. Léiríonn na modúil sin go hiondúil go ndéanfar an fhoghlaim thar thréimhse níos giorra ná ábhar traidisiúnta san Ardteistiméireacht Bhunaithe. Tá modhanna éagsúla measúnaithe ann freisin chun na modúil a chríochnú. Bronntar roinnt díobh nuair a chríochnaítear iad (an Idirbhliain), cinn eile nuair a chuirtear príomhthascanna i gcrích (ATF), roinnt le punann (GCAT) agus cinn eile le measúnú deiridh (ATB). Chun críche an chomhairliúcháin seo, glacfar leis gurb ionann modúl agus foghlaim a dhéantar thar thréimhse níos giorra ná ábhar traidisiúnta san Ardteistiméireacht Bhunaithe.

**Aonad foghlama**

Chun críche an chomhairliúcháin seo, glacfar leis gurb ionann aonad foghlama agus an fhoghlaim a shonraítear i gcáipéis reatha curaclaim a roinnt ina dhá aonad nó níos mó.

**Conairí teicniúla, gairme, cruthaitheacha agus gairmiúla**

Dhírigh an dearcadh traidisiúnta ar ghairmoideachas ar an bhfoghlaim sin a nascadh le réimse cúng roghanna gairme, san earnáil foirgníochta nó innealtóireachta den chuid is mó. Chun an dearcadh sin a leathnú, úsáideadh an téarma 'conairí teicniúla, gairme, cruthaitheacha agus gairmiúla' sa tuarascáil agus comhairliúchán seo chun díriú ar luach na foghlama sin aisti féin, chomh maith le smaoineamh ar an gcaoi a nascfadh sí le cinn scríbe iarscoile, breisoideachas, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus ardoideachas ina measc. Áirítear le conairí dá leithéid, mar shampla, cibearshlándáil, cuntasaíocht, árachas, seirbhísí airgeadais, forbróir bogearraí, an earnáil fáilteachais, ceantálaíocht, agra-bhainistíocht, bithchógaisíocht, lóistíocht, innealtóireacht, dearadh grafach, foirgníocht, sláinte agus áilleacht, ealaíontóir CGI, damhsa, drámaíocht, taibhiú, srl.

**Folláine**

Tá ról lárnach le himirt ag an scoil i dtacú leis an scoláire agus chun foghlaim an scoláire a chur chun cinn faoin bhfolláine agus don fholláine. Foghlaimíonn an scoláire don fholláine nuair a bhíonn a thaithí iomlán ar shaol na scoile lena n-áirítear gach idirghníomhaíocht laethúil sa seomra ranga agus taobh amuigh de idir mheasúil agus chomhbhách. Le smaoineamh ar a bhfoghlaim don fholláine ní mór dúinn

an méid a fhoghlaimíonn an scoláire a chur san áireamh chomh maith leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé é. Is féidir an fhoghlaim don fholláine a chothú i ngach ábhar agus le gach múinteoir. Foghlaimíonn an scoláire faoin bhfolláine trí réimsí áirithe den churaclaim agus trí imeachtaí agus tionscnaimh folláine a eagraítear chun feasacht, faisnéis agus scileanna folláine a fhorbairt.

**Measúnú**

Is cuid lárnach den teagasc agus foghlaim é an measúnú agus, dá réir, úsáidtear é chun tacú leis an bhfoghlaim agus é a fheabhsú trí chabhrú leis an bhfoghlaimeoir agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile ina fhoghlaim a shainaithint. Chuige sin, tarlaíonn an measúnú is luachmhaire ag an suíomh foghlama ina bhfaigheann an foghlaimeoir tacaíocht agus treoir. Is fearr a thacaítear le foghlaim i gcomhthéacs an tseomra ranga nuair a bhunaítear spriocanna soiléire idir an múinteoir agus an foghlaimeoir, agus nuair is féidir íomhánna den fhoghlaim rathúil a roinnt trí thagairt do na spriocanna sin.

Sa tsraith shinsearach, úsáidtear réimse cuir chuige measúnaithe faoi láthair chun críocha teastasaithe. Ina measc siúd, tá: scrúduithe deiridh scríofa (formhór na n-ábhar ATB), béaltrialacha (ábhair teanga), scrúduithe praiticiúla (eacnamaíocht bhaile, ceol), obair thionscadail (stair, tíreolaíocht, staidéar foirgníochta, grafaic dheartha agus chumarsáide), punann (nascmhodúil GCAT), agallaimh (ATF), obair chúrsa (polaitíocht agus sochaí, corpoideachas, ríomheolaíocht).

**Tuairisciú**

Ba cheart don tuairisciú sa tsraith shóisearach cur le forbairt phearsanta an scoláire, tacú le foghlaim agus teagasc ach a bheith soláimhsithe agus inrochtana do gach duine atá páirteach. Ba cheart go léireodh sé go soiléir dul chun cinn an scoláire san fhoghlaim agus go gcuirfeadh sé faisnéis ar fáil ar réimse leathan de ghnóthachtáil. Ba cheart go mbainfeadh an scoláire tairbhe as freisin, chomh maith le hinstitiúidí breisoideachais/ardoideachais, fostóirí, iad siúd a chuireann printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ar fáil agus suíomhanna eile foghlama, oideachas dara seans agus oideachas aosach ina measc.

**An Idirbhliain**

Tagraíonn an Idirbhliain do bhliain roghnach is féidir a dhéanamh i ndiaidh na sraithe sóisearaí sula dtugtar faoin tsraith shinsearach.

# Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| ATB | Is í an Ardteistiméireacht Bhunaithe an cúrsa ardteistiméireachta a dhéanamh formhór na scoláirí sa tsraith shinsearach. |
| ATF | Clár dhá bhliain Ardteistiméireachta is ea an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, don scoláire a dteastaíonn uaidh clár ina bhfuil béim láidir ar obair phraiticiúil nó gairm a leanúint. |
| CAO | An Lár-Oifig Iontrála |
| CFL1 | Is clár é Clár Foghlama Leibhéal 1 do ghrúpa an-sonrach scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu sna catagóirí ísealfheidhmiúil measartha agus géar agus trom. |
| CFL2 | Is clár é Clár Foghlama Leibhéal 2 do ghrúpa an-sonrach scoláirí ag a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama sna catagóirí ardfheidhmiúil measartha agus ísealfheidhmiúil éadrom. |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| ESRI | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| GCAT | Ceapadh Gairmchlár na hArdteistiméireachta chun gné láidir ghairme a chur leis an Ardteistiméireacht (bhunaithe) agus tugann roinnt scoláirí ATB faoi má chomhlíonann siad critéir ar leith. |